# MEALLADH NA MEÁN

## MODÚL 4:

# STOP SMAOINIGH SEICEÁIL

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEOMRA RANGA

Coimisiún na Meán

# GNÍOMHAÍOCHT #1

# STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL
# I mBUN OIBRE

Tá tú ar tí breathnú ar chúig theachtaireacht, phostáil agus cheannlíne éagsúla. An tasc ná an cur chuige STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL a úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoi gach ceann.

I ngach cás, téigh trí na trí chéim agus freagair na ceisteanna. Ansin, déan an cinneadh deireanach.

**CÁS 1**




**STOP**
Cén mothúchán atá an teachtaireacht seo ag iarraidh a spreagadh? (Mar shampla: scaoll, práinn, imní)

______________________________

**SMAOINIGH**
An gcuireann SeinnMór teachtaireachtaí téacs chuig custaiméirí de ghnáth?
Féach go cúramach ar URL an tsuímh gréasáin. Cad é atá mícheart nó amhrasach faoi?

______________________________

______________________________

**SEICEÁIL**
Cén chaoi a mbeifeá in ann a dheimhniú go bhfuil fadhb ann le do chuntas le SeinnMór i ndáiríre?

______________________________

**AN CINNEADH:**
Céard ba cheart duit a dhéanamh? Is féidir níos mó na rud amháin a roghnú.

☐ An nasc a chliceáil ☐ Neamhaird a dhéanamh den teachtaireacht agus í a scriosadh
☐ Í a thuairisciú mar sceamáil ☐ Ceist a chur ar dhuine fásta iontaofa

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #1

**CÁS 2**

Feiceann tú an phostáil seo agus tú ag scrolláil ar do tháibléad.




**STOP**

Cad iad na focail nó frásaí atá inti chun d'aird a tharraingt agus fonn a chur ort í a roinnt go tapa?

---

**SMAOINIGH**

An bhfuil an chuma ar ainm an chuntais, '@ScealtaUraGoDeonanDeor', gur eagraíocht ghairmiúil nuachta atá i gceist? An dóigh leat go bhfuil an rud atá á mhaíomh inchreidte? Cén fáth

---

---

**SEICEÁIL**

Cén chaoi a mbeifeá in ann a fháil amach an bhfuil an scéal sin fíor nó nach bhfuil?

---

**AN CINNEADH:**

Céard ba cheart duit a dhéanamh? Is féidir níos mó na rud amháin a roghnú.

☐ Í a roinnt láithreach ☐ Neamhaird a dhéanamh di ☐ Foinsí nuachta eile a sheiceáil ar dtús

☐ An phostáil a thuairisciú

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #1

**CÁS 3**

Feiceann tú an phostáil seo agus tú ag scrolláil ar do tháibléad.




**STOP**
Cén mothúchán atá an teachtaireacht seo ag iarraidh a chruthú? Cén chaoi a bhfuil brú ama in úsáid?

---

**SMAOINIGH**
Ar chuir tú isteach ar chomórtas ar bith? An bhfuil a fhios agat cé a sheol í sin?Cad é a fhágann go bhfuil an chuma ar an tairiscint seo go bhfuil sí 'rómhaith le bheith fíor'?

---

---

**SEICEÁIL**
Cad a bheadh le seiceáil agat sula gcliceálann tú ar an nasc sin?

---

**AN CINNEADH:**
Céard ba cheart duit a dhéanamh? Cuir tic leis na roghanna is fearr dar leatsa. Is féidir níos mó na rud amháin a roghnú.


☐ An nasc a chliceáil láithreach sula mbíonn an t-am caite ☐ An teachtaireacht a scriosadh ☐ Í a chur ar aghaidh chuig cairde ☐ Í a thuairisciú mar thurscar ☐ An scéal a insint do do thuismitheoirí ☐ Faic

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #1

**CÁS 4**

Tá an ríomhphost seo faighte agat:




**STOP**
Cén teanga phráinneach atá in úsáid chun go ndéanfaidh tú rud éigin go tapa?

---

**SMAOINIGH**
Féach ar sheoladh ríomhphoist an tseoltóra. An dóigh leat gur 'mymsam.com' an seoladh ríomhphoist oifigiúil atá ag do scoil? An iarrfadh do scoil ort do phasfhocal a fhíorú ar shuíomh gréasáin seachtrach?

---

---

**SEICEÁIL**
Cén chaoi a mbeifeá in ann a sheiceáil gur ríomhphost ó do scoil atá ann i ndáiríre?

---

**AN CINNEADH:**
Céard ba cheart duit a dhéanamh?

☐ Cliceáil ar an nasc agus an pasfhocal a chur isteach ☐ É a scriosadh agus neamhaird a dhéanamh de
☐ Ceist a chur ar mhúinteoir nó ar thuismitheoir ☐ É a thuairisciú mar fhioscaireacht (Is éard is 'fioscaireacht' ann ná teachtaireachtaí nó ríomhphoist a sheoltar chun bob a bhualadh ort ionas go gcliceálfaidh tú ar naisc nó go roinnfidh tú eolas)

**CUIMHNIGH**
Cabhraíonn an cur chuige STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL leat moilliú agus cinntí cliste a dhéanamh. Braitheann camscéimeanna agus eolas bréagach ortsa rudaí a dhéanamh go tapa gan smaoineamh. Nuair a stopann tú, nuair a chuireann tú ceisteanna agus nuair a dheimhníonn tú eolas, fanann tusa i gceannas.

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #2

# CRUTHAIGH LÓGÓ STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL

Iarradh ar na príomhshuíomhanna gréasáin ar fad lógó STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL a chur:

- ar an leathanach baile
- in aice le postálacha agus físeáin
- aon áit a mbíonn daoine ar tí cliceáil nó roinnt

An jab atá romhat ná an lógó sin a dhearadh.
Feicfidh na milliúin duine é gach lá idir shean agus óg.
Ní mór dó a bheith soiléir, simplí agus éasca le tuiscint taobh istigh de shoicind nó dhó.

**AN TASC**
Dear lógó a chuirfidh STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL i gcuimhne do dhaoine sula gcliceálann siad ar rud éigin ar líne, sula gcreideann siad é nó sula roinneann siad é.

**RIACHANTAIS DEARAIDH**
An lógó:

☐ bíodh na focail STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL ann ☐ bíodh ord na gcéimeanna le feiceáil go soiléir
☐ ní mór dó a bheith simplí go leor ionas go mbeidh sé soiléir agus é beag
☐ ní mór go mbeadh ciall leis, gan aon mhíniú
☐ ní mór dó a bheith oiriúnach má bhíonn na dathanna le feiceáil nó más dubh agus bán atá sé

**DÉAN MACHNAMH AR dTÚS**
Sula dtosaíonn tú ag tarraingt, freagair na ceisteanna seo.

1. Cén áit a mbeadh an lógó seo le feiceáil ar líne ag duine?
(Mar shampla: in aice le postáil, faoi fhíseán, ar scáileán ar a bhfuil teachtaireacht)

2. Cad ba cheart don lógó a spreagadh i nduine?
(Mar shampla: sos a thógáil, ceist a chur, moilliú, seiceáil)

**SMAOINTE LE hAGHAIDH SIOMBAILÍ**

D’fhéadfá siombailí mar seo a leanas a roghnú:

- lámh nó comhartha sosa le haghaidh STOP
- inchinn, comhartha ceiste nó bolgán solais le haghaidh SMAOINIGH
- tic, gloine mhéadaithe nó seicliosta le haghaidh SEICEÁIL

Ní gá duit aon cheann acu sin thuas a úsáid.

**CUIMHNIGH**
Lógó sábháilteachta maith:
- ní scanraíonn sé daoine
- ní bhíonn ualach eolais ann
- cabhraíonn sé le daoine sos a thógáil agus smaoineamh

Má chuireann do lógó iallach ar dhuine stopadh ar feadh dhá shoicind fiú, tá difríocht déanta aige.

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #2

# CRUTHAIGH LÓGÓ
# STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL

**SPÁS DEARAIDH**
(Bain úsáid as an spás thíos chun do lógó a sceitseáil.)

**MÍNIÚCHÁN AR AN DEARADH**
Freagair na ceisteanna i bhfoirm abairtí iomlána.

1. Cén fáth ar roghnaigh tú na dathanna, cruthanna nó siombailí sin?

2. Conas a chabhraíonn do lógó le daoine cinntí níos sábháilte a dhéanamh ar líne?

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT#3

# AN CHAMSCÉIM A AITHINT

Féach go cúramach ar an dá ríomhphost thuas.
Tá siad cosúil lena chéile, ach tá ceann acu fíor agus an ceann eile bréagach.
An jab atá agatsa ná na comharthaí rabhaidh a aithint.

Ó: folairimh@bancanchuain.ie <mailto:folairimh@bancanchuain.ie>

Chuig: Seosamh Ó Murchú seosamh.omurchu@gmail.com <mailto:seosamh.omurchu@gmail.com>

**Ábhar: Foláireamh cuntais - síniú isteach neamhghnách**

A Uasail Ó Murchú, a chara,

Thugamar faoi deara síniú isteach neamhghnách ar do chuntas le Banc an Chuain ar an 15 Aibreán 2026 ag 20:14.

Suíomh: Baile Átha Cliath, Éire Gléas: iPhone (Safari)

Má ba thusa a bhí ann, ní gá aon rud a dhéanamh.
Murar thusa a bhí ann, cosain do chuntas ar aip oifigiúil Bhanc an Chuain nó clóscríobh ár suíomh gréasáin i do bhrabhsálaí: www.bancanchuain.ie <http://www.bancanchuain.ie>

Má tá cabhair uait, cuir glao ar an uimhir ar chúl do chárta bainc nó déan teagmháil linn leis na sonraí ar an leathanach 'Teagmháil' ar ár suíomh gréasáin.

Le dea-mhéin, Tacaíocht do Chustaiméirí, Banc an Chuain

**CUIMHNIGH: NÁ ROINN SONRAÍ PEARSANTA GO DEO**

Sábháil

Ó: folairimh@banc_anchuan_eyfgwi12.com <mailto:folairimh@banc_anchuan_eyfgwi12.com>

Chuig:
Daoine anaithnid

**PRÁINNEACH - Cuirfear do chuntas faoi ghlas i gceann 30 nóiméad!**

A Chustaiméir, a chara,

Thugamar gníomhaíochtaí amhrasacha faoi deara ar do chuntas am éigin an mhí seo caite.

Suíomh: Éire Gléas: Fón

Má ba thusa a bhí ann, cliceáil anseo chun sin a dheimhniú: www.bancanchuan-deimhnigh.com/logailisteach <http://www.bancanchuan-deimhnigh.com/logailisteach>

Murar thusa a bhí ann, cliceáil anseo chun sin a dheimhniú: www.bancanchuan-deimhnigh.com/logailisteach/2 <http://www.bancanchuan-deimhnigh.com/logailisteach/2>

Mura ndeimhníonn tú, ní bheidh rochtain iomlán agat ar do chuntas, Foireann Slándála Bhanc an Chuan

Sábháil

Tá 10 ndifríocht idir an dá ríomhphost. Cuir ciorcal timpeall ar na difríochtaí san íomhá nó déan iad a mharcáil. Ansin, scríobh iad thíos.

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #3

6. ______________________________

7. ______________________________

8. ______________________________

9. ______________________________

10. ______________________________

## CUID 2 – STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL

Freagair na ceisteanna i bhfoirm abairtí iomlána.

1. Cé acu ríomhphost a chuirfeadh níos mó imní nó brú ar dhuine? Cén fáth?

______________________________

2. Má bhraitheann duine go bhfuil brú ann agus teachaireachtaí mar sin á léamh, cén fáth gur fadhb é sin?

______________________________

3. Cad ba cheart duit a dhéanamh seachas nasc a chliceáil i dteachtaireacht mar sin?

______________________________

## CUID 3 – AN CINNEADH DEIREANACH

Cuir tic le ceann amháin:

☐ Tá an ríomhphost ar chlé bréagach
☐ Tá an ríomhphost ar dheis bréagach

Mínigh do fhreagra agus dhá leid ón íomhá in úsáid agat.

**CUIMHNIGH**

Is minic:

- a bhíonn an chuma ar theachtaireachtaí camscéime go bhfuil siad práinneach
- a bhíonn seoltaí ríomhphoist aisteacha in úsáid
- a iarrtar ort naisc a chliceáil
- a bhíonn sonraí tábhachtacha ar lár

Nuair a bhraitheann tú go bhfuil rud éigin mícheart:

**STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL**

©News Mag Media 2026

# GNÍOMHAÍOCHT #4

# CUARDACH FOCAL

Tá an cuardach focal seo lán le focail a bhaineann le saol na meán. An bhfuil tú in ann teacht orthu ar fad? Tá focal sa bhreis ann nach bhfuil ar an liosta.

Leid: *Má bhíonn amhras ort, is fearr é seo a dhéanamh sula ndéanann tú aon rud eile*.


**STOP**
**SMAOINIGH**
**SEICEÁIL**
**CAMSCÉIM**
**FÍORAIGH**
**FOINSE**
**NASC**
**TUAIRISCIGH**
**IONTAOIBH**
**FIANAISE**
**PRÁINN**
**MOTHÚCHÁN**
**SÁBHÁILTE**
**PASFHOCAL**
**CUNTAS**
**BRÉAGACH**
**FÍOR**
**SEICEÁIL**
**RABHADH**
**SMACHT**


| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Y | M | O | B | J | X | Q | C | S | V | V | S | P | H | X | S | F |
| W | D | H | C | P | Z | U | W | T | K | Q | Q | B | H | K | R | B |
| F | N | G | P | Z | R | K | I | D | C | B | I | U | S | R | K | O |
| U | H | I | J | B | S | X | G | N | N | O | N | B | G | F | S | B |
| F | S | C | X | V | Á | Y | F | J | A | C | Q | S | S | D | P | S |
| V | L | S | I | W | B | Q | H | T | H | C | A | G | A | É | R | B |
| N | X | I | D | B | H | Q | N | H | E | R | E | F | Í | O | R | X |
| L | T | R | X | U | Á | O | R | W | S | G | L | N | B | H | J | D |
| V | J | I | A | Z | I | P | M | H | N | G | M | C | C | L | D | D |
| F | I | A | H | F | L | I | A | B | I | N | J | A | Z | C | C | V |
| X | W | U | V | Q | T | H | Z | S | O | S | M | A | C | H | T | W |
| P | O | T | S | V | E | Q | K | G | F | I | A | N | A | I | S | E |
| O | U | F | W | Z | B | R | P | O | U | H | V | P | J | E | F | R |
| Y | I | F | F | C | O | X | V | J | G | R | O | E | I | N | Í | O |
| A | T | S | M | W | Y | E | H | N | P | P | F | C | T | M | O | Z |
| J | S | J | M | I | E | V | T | A | R | H | E | E | A | N | R | M |
| W | F | A | T | A | É | T | B | S | Á | Á | W | T | V | L | A | S |
| D | I | G | T | W | O | C | M | C | I | H | W | N | F | J | I | L |
| R | F | R | S | N | F | I | S | L | N | L | D | E | S | E | G | L |
| V | T | N | F | C | U | W | N | M | N | Z | T | A | P | O | H | J |
| T | Q | C | E | R | U | C | W | I | A | P | M | T | H | G | S | C |
| R | J | X | I | W | U | Q | C | L | G | C | Z | H | K | B | V | O |
| L | W | K | E | Q | N | Á | H | C | Ú | H | T | O | M | A | A | H |
| T | V | C | A | W | O | T | T | X | T | H | Q | C | G | V | G | R |


**Dúshlán Breise**
Agus tú críochnaithe, déan do chuid scileanna a thástáil agus cuir na focail in ord aibítre.

©News Mag Media 2026

# NA FREAGRAÍ




1. An seoladh – Tá fearann míthreorach, míshlachtmhar in úsáid sa chamscéim ionas go mbeidh cuma oifigiúil uirthi. Tá fearann bainc glan, ceart in úsáid san fhíor-ríomhphost.
2. Réimse 'chuig' – Tugann 'Faighteoirí neamhainmnithe' le fios gur cuireadh é chuig a lán daoine. Is léir gur cuireadh an fíor-ríomhphost chuig duine amháin.
3. Líne an ábhair – Cruthaíonn an chamscéim scaoll agus práinn. Tá an fíorcheann socair agus fíriciúil.
4. Beannacht – Tá 'A Chustaiméir, a chara' doiléir. Tá cuma níos oifigiúla ar ainm duine a úsáid.
5. Am – Tá 'am éigin an mhí seo caite' doiléir. Tá dáta agus am cruinn san fhíor-ríomhphost.
6. Sonraí – Tá eolas doiléir faoin ngléas sa chamscéim. Tá sonraí faoi leith atá inchreidte san fhíor-ríomhphost.
7. Naisc – Tá naisc ar féidir cliceáil orthu sa chamscéim. Tá treoracha ann san fhíor-ríomhphost dul go dtí an suíomh oifigiúil tú féin.
8. Níos mó ná nasc amháin – Bratach dhearg atá sa dá nasc éagsúla. Seachnaítear sin i bhfíor-ríomhphoist.
9. Bagairtí – Tá bagairt ann sa chamscéim faoi rochtain. Níl san fhíor-ríomhphost.
10. Deireadh an ríomhphoist – Tá 'Foireann Slándála' an-ghinearálta. Tá deireadh ceart tacaíochta ann san fhíor-ríomhphost.

©News Mag Media 2026